

FÓGRA FOLÚNTAIS

GNÍOMHAIRE SEALADACH

Tá gearrliosta á bhunú ag Bord Maoirseoirí an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh (ÚBE) don phost seo:

STIÚRTHÓIR FEIDHMIÚCHÁIN ÚBE

Nós imeachta tagartha	EBA TA-02-2026
An cineál conartha	GNÍOMHAIRE SEALADACH ¹
Grád	AD 14
Fad an chonartha	Cúig bliana, agus is féidir síneadh ama a chur leis uair amháin ²
An áit fostaíochta	Páras, An Fhrainc
An dáta foilsithe	17 Aibreán 2026
Spríodhata le haghaidh iarratas	18 Bealtaine 2026 ar 23:59 (Am Lár na hEorpa)
Dáta tosaithe measta	R4-2026
Beidh an gearrliosta bailí go dtí	an 31 Nollaig 2026, agus an fhéidearthacht ann síneadh ama a chur leis

Is é an **Bord Maoirseoirí** a cheapfaidh an **Stiúrthóir Feidhmiúcháin**, tar éis do **Pharlaimint na hEorpa** an ceapachán a dhaingniú.

CÉARD É ÚBE?

Is údarás neamhspleách de chuid an Aontais Eorpaigh é ÚBE³ a bunaíodh an 1 Eanáir 2011 le Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010⁴.

Is é misean ÚBE cur le cobhsaíocht agus éifeachtacht an chórais airgeadais Eorpaigh trí rialáil agus maoirseacht shimplí, chomhsheasmhach, thrédhearcach agus chothrom a théann chun tairbhe shaoránaigh uile an Aontais.

Is iad seo a leanas tosaíochtaí ilbhliantúla ÚBE i leith na tréimhse a chríochnaíonn in 2028: (1) Leabhar rialacha: rannchuidiú le margadh aonair éifeachtúil, athléimneach, inbhuanaithe (2) Measúnú riosca: uirlisí, sonraí agus modheolaíochtaí a fhorbairt chun tacú le hanailís, maoirseacht agus formhaoirseacht éifeachtach (3) Nuálaíocht: acmhainn teicneolaíochta a fheabhsú agus nuálaíocht a chothú do na páirtithe leasmhara go léir.

Mar Údarás Maoirseachta Eorpach (ÚME) laistigh den Chóras Eorpach um Maoirseacht Airgeadais (CEMA), oibríonn ÚBE i ndlúthchomhar leis an Údarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC),

¹ De réir Airteagal 2(a) de [Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh](#) .

² Téarma oifige uasta 10 mbliana.

³ Gníomhaireacht dhílárta de chuid an Aontais.

⁴ Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, I ch. 1).

leis an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA), agus leis an mBord Eorpach um Riosca Sistéamach (BERS).

Tá tuilleadh eolais le fáil faoi ÚBE ar shuíomh gréasáin ÚBE: www.eba.europa.eu.

CAD É AN POST AGUS CAD Í AN TAIRISCINT?

Príomhchuspóir

Is gairmí neamhspleách lánaimseartha é an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, a oibríonn go díreach le Cathaoirleach ÚBE mar chuid d'fhoireann Bhainistíocht Shinsearach an Údaráis.

Tá an Stiúrthóir Feidhmiúcháin i gceannas ar bhainistiú an Údaráis agus, dá réir sin, tá siad freagrach as na cúraimí a leagtar síos sa Rialachán lena mbunaítear ÚBE⁵.

Príomhfhreagrachtaí

- Obair an Bhoird Bainistíochta a ullmhú, ar bord é **atá freagrach as a chinntiú go gcuireann an tÚdarás a mhisean i gcrích.**
- **Cláir oibre ilbhliantúla agus bhliantúla** a ullmhú **don Bhord Bainistíochta agus don Bhord Maoirseoirí agus iad a chur chun feidhme.**
- Iarrataí ar acmhainní daonna agus ar bhuiséad airgeadais ón Údarás a ullmhú **lena gcur faoi bhráid údaráis bhuiséadacha an Aontais ag an mBord Maoirseoirí agus iad a chur chun feidhme i gcomhréir le rialacháin airgeadais an Aontais.**
- Foireann ÚBE a bhainistiú **de réir rialacha foirne an Aontais agus bearta inmheánacha a ghlacadh maidir le feidhmiú an Údaráis.**
- Idirghníomhú le réimse leathan **páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha.**
- **Dréacht-tuarascáil bhliantúil** a ullmhú **ar na nithe seo a leanas: i) gníomhaíochtaí rialála agus maoirseachta na hÚdarás; agus ii) cúrsaí airgeadais agus riaracháin agus bearta leantacha iniúchóireachta a chur chun feidhme de réir mar is gá.**

Timpeallacht oibre

Beidh tú mar chuid d'fhoireann ilchultúrtha agus ildisciplíneach de thart ar 300 gairmí ard-oilte ag ÚBE, a bhíonn ag obair le gairmithe ó bhreis is 40 údarás san earnáil phoiblí atá bunaithe i mBallstáit an Aontais, i Stáit CSTE LEE agus i gcomhlachtaí eile de chuid an Aontais freisin. Beidh tú ag idirghníomhú le réimse leathan comhghleacaithe ardleibhéil ó na heagraíochtaí sin agus ó pháirtithe leasmhara eile. Beidh tionchar díreach ag do mhisean ar éifeachtúlacht an chreata rialála agus maoirseachta is infheidhme maidir leis na hearnálacha baincéireachta, íocaíochta agus cripteashócmhainní san Aontas.

Cloífidh tú le [Luachanna ÚBE](#).

Beidh tú mar bhall de ÚBE le linn tráth spreagúil. Tá freagrachtaí nua faighte aige le déanaí maidir le cur chun feidhme Ghníomh an Aontais um Athléimneacht Dhigiteach Oibríochtúil (DORA) lena ndéantar maoirseacht ar na soláthraithe seirbhísí TFC is criticiúla don earnáil airgeadais, ar an Rialachán maidir le

⁵ Féach Caibidil III, Roinn 4 ('Stiúrthóir Feidhmiúcháin') de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 1).

Margaí Cripteashócmhainní (MiCA), agus ar ‘EMIR3’. Tá an tÚdarás i mbun tionscnamh faoi láthair chun éifeachtúlacht chreat rialála agus maoirseachta an Aontais a fheabhsú.

Ó thaobh riaracháin de, fostófar thú mar Ghníomhaire Sealadach i ngrád riarthóra (AD) 14 agus beidh tú lonnaithe in ÚBE atá suite in Paris La Défense, an ceantar gnó is mó san Eoraip agus an ceathrú ceann is mó ar domhan.

Tá Páras ar cheann de na príomhchathracha is spreagúla san Eoraip. Is cathair í ar furasta siúl nó rothaíocht a dhéanamh thart uirthi agus ar furasta taisteal chuig áiteanna eile uaithe, agus tá an saol go hiontach inti ó thaobh an chultúir agus an bhia de. Sa chathair tá an-chuid músaem, saibhreas ailtireachta, séadchomharthaí gleoite, siopaí na ndearthóirí móra, agus páirceanna áille.

Mairfidh do chonradh cúig (5) bliana agus is féidir síneadh ama a chur leis go ceann tréimhse bhreise cúig (5) bliana.

I gcomhair tuilleadh eolais maidir le coinníollacha conarthacha, tuarastal, sochair bhreise, cothromaíocht oibre is saoil, áiseanna scolaíochta, etc., ***féach ar an larscríbhinn a ghabhann leis an bhfógra folúntais seo.***

CAD IAD NA CEANGLAIS ROGHNÚCHÁIN?

Déanfar measúnú ar iarratais bunaithe ar na critéir incháilitheachta agus roghnúcháin a shonraítear san fhógra folúntais seo.

Critéir incháilitheachta

Chun bheith incháilithe, ní mór do na hiarrthóirí na critéir incháilitheachta ar fad a liostaítear thíos a chomhlíonadh faoin spriocdháta chun iarratais a chur isteach:

Ginearálta

- A bheith ina náisiúnach de Bhallstát den Aontas Eorpach⁶ nó den Íoslainn, deLichtinstéin, nó den Iorua, agus a gcearta iomlána mar shaoránach a theachtadh⁷;
- Aon oibleagáid faoi na dlíthe a bhaineann le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta acu;
- Na teistiméireachtaí cuí maidir le carachtar a bheith acu a léiríonn a n-oiriúnacht chun na dualgais a chur i gcrích⁸;
- A bheith corpacmhainneach chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh⁹;

⁶ Ballstáit den Aontas Eorpach: an Bheilg, an Bheilg, an tSeicia, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Eastóin, Éire, an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, an Chróit, an Iodáil, an Chipir, an Fhionlainn, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ungáir, Málta, an Ísiltír, an Ostair, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an Fhionlainn agus an tSualainn.

⁷ Roimh an gceapachán, iarrfar ar an iarrthóir a n-éireoidh leo doiciméad oifigiúil a chur ar fáil a léiríonn an taifead coiriúil atá acu.

⁸ Iarrfar ar iarrthóirí a dtabharfar cuireadh dóibh agallamh a dhéanamh a dheimhniú go bhfuil siad oiriúnach ó thaobh pearsantachta de don phost.

⁹ Roimh an gceapachán, cuirfeadh an t-iarrthóir a n-éireoidh leo faoi scrúdú i gceann d’ionaid leighis an Aontais Eorpaigh chun a dheimhniú go gcomhlíonann an t-iarrthóir ceanglais Airteagal 12(2)(d) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh.

- Eolas críochnúil¹⁰ a bheith acu ar an mBéarla¹¹ agus eolas sásúil¹² a bheith acu ar cheann eile de theangacha oifigiúla^{13 14} an Aontais Eorpaigh.
- Ní féidir conradh a chur i bhfeidhm ach amháin le hiarrthóirí atá faoi bhun na haoise scoir, atá leagtha síos ag deireadh na míosa ina sroicheadh an t-iarrthóir 66 bliana d’aois¹⁵. I bhfianaise thábhacht straitéiseach na hoifige, bheadh sé tábhachtach go mbeadh iarrthóirí in ann an chéad téarma 5 bliana a chur i gcrích sula sroichfidís aois scoir. Má tá rogha le déanamh idir iarrthóirí atá ar chomhcháilíocht, cuirfear an méid sin san áireamh.

Cáilíochtaí¹⁶

Ní mór leibhéal oideachais a bheith ag iarrthóirí a chomhfhreagraíonn do **cheithre (4) bliana** de staidéar ollscoile críochnaithe atá fíoraithe le dioplóma agus tar éis dóibh an dioplóma a bhaint amach, **cúig bliana déag (15)** de thaithí ghairmiúil chruthaithe¹⁷ **NÓ** leibhéal oideachais a bheith acu ar a laghad a chomhfhreagraíonn do **thrí (3) bliana** de staidéar ollscoile críochnaithe atá fíoraithe le dioplóma a bheith acu, agus **sé bliana déag (16)** de thaithí ghairmiúil chruthaithe acu.

Critéir roghnúcháin

Chomh maith leis na critéir incháilitheachta thuas, déanfar measúnú ar na critéir roghnúcháin seo a leanas le linn chéimeanna éagsúla an nós imeachta roghnúcháin. Ceanglaítear ar iarrthóirí a chur in iúl go soiléir ina n-iarratas conas a fuair siad an t-eolas agus an taithí a fhágann gur féidir leo na critéir roghnúcháin a chomhlíonadh, agus samplaí sonracha a thabhairt.

¹⁰ Ní mór leibhéal C1 ar a laghad a bheith acu. Déantar an measúnú ar leibhéal C1 i gcomhréir leis [an gCreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha \(CCTE\)](#).

¹¹ Is é Béarla teanga oibre ÚBE.

¹² Ní mór leibhéal B2 ar a laghad a bheith acu. Déantar an measúnú ar leibhéal B2 i gcomhréir leis [an gCreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha \(CCTE\)](#).

¹³ Is iad seo a leanas teangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh: Bulgáiris, Spáinnis, Seicis, Danmhairgis, Gearmáinis, Eastóinis, Gréigis, Béarla, Francis, Gaeilge, Cróitis, Iodáilis, Laitvis, Liotuáinis, Ungáiris, Máltais, Ollainnis, Polainnis, Portaingéilis, Rómáinis, Slóvaicis, Slóivéinis, Fionlainnis agus Sualainnis. De mhaolú ar Airteagail 12(2)(e), 82(3)(e) agus 85(3) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile na gComhphobal Eorpach, measfaidh an Ghníomhaireacht gur teangacha de chuid an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 55(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach iad na teangacha dá dtagraítear in Airteagal 129(1) de Chomhaontú LEE (Íoslainnis, Ioruais).

¹⁴ Déanfar tástáil ar chainteoirí dúchais Béarla chun a gcuid scileanna sa dara teanga a chruthú.

¹⁵ De réir Airteagal 47 agus 52(a) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh .

¹⁶ Ní chuirfear san áireamh ach cáilíochtaí arna ndámhachtain ag údaráis Bhallstáit an Aontais nó ag údaráis thíortha an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE) nó cáilíochtaí atá aitheanta mar cháilíochtaí coibhéseacha ag na húdaráis ábhartha. Más lasmuigh den Aontas Eorpach a rinneadh na príomhstaidéir, ní mór cáilíocht an iarrthóra a bheith aitheanta ag comhlacht arna tharmligean go hoifigiúil chun na críche sin ag ceann de na Ballstáit den Aontas Eorpach (amhail Aireacht Oideachais náisiúnta) nó beidh aitheantas NARIC ag teastáil ón iarrthóir: <https://www.enic-naric.net/> agus doiciméad lena bhfíoraítear an méid sin, ní mór é a uaslódáil leis an iarratas faoin dáta deiridh. Má tá dioplóma agat atá aitheanta i mBallstát de chuid an Aontais, ní gá duit aitheantas NARIC a fháil le haghaidh do dhioplóma/dhioplómaí ar leibhéal níos ísle. Sampla: Má tá céim Bhaitsiléara agat ó ollscoil lasmuigh den Aontas Eorpach, agus céim Mháistreachta ó ollscoil san Aontas, ní gá aitheantas NARIC a bheith agat don chéim Bhaitsiléara. Glactar le cáilíochtaí/dioplómaí a dámhadh go dtí an 31 Nollaig 2020 sa Ríocht Aontaithe gan a thuilleadh aitheantais. I gcás dioplómaí a dámhadh tar éis an dáta sin (ón 1 Eanáir 2021 i leith), tá aitheantas NARIC de dhíth.

¹⁷ Ní chuirtear san áireamh taithí ghairmiúil a léirítear san fhoirm iarratais ach amháin ón am a fuair an t-iarrthóir an teastas nó an dioplóma atá ag teastáil don phost agus sa chás gur ar bhonn íoctha a fuarthas an taithí sin (lena n-áirítear deontais staidéir nó deontais sócrúcháin oibre). Breithneofar staidéir dhochtúireachta (PhD) freisin i bhfianaise rialacha sonracha. Is é trí bliana an tréimhse uasta a chuirtear san áireamh le haghaidh dochtúireachta ar choinníoll gur baineadh amach an dochtúireacht faoin dáta deiridh chun iarratas a dhéanamh ar an nós imeachta roghnúcháin, agus gan beann ar cé acu a íocadh as an obair. Ba cheart dátaí tosaigh agus deiridh na bpost uile roimhe sin a lua san fhoirm iarratais, agus cibé acu an obair lánaimseartha nó obair pháirtaimseartha a bhí i gceist leo. Ní mór d’iarrthóirí a bhíonn ag obair go neamhspleách nó ar bhonn féinfhostaithe cóip den iontráil sa chlár trádála iomchuí, nó aon doiciméad oifigiúil eile (doiciméad cánach, mar shampla) a chur ar fáil, agus ní mór tréimhse ama na taithí gairmiúla ábhartha a bheith léirithe go soiléir sa doiciméad sin. Ní mór sonraí faoi aon taithí ghairmiúil, oiliúint, taighde nó staidéar a chur ar fáil ar an bhfoirm iarratais. Ní mór d’iarrthóirí a bheith in ann doiciméid tacaíochta a chur ar fáil, arna iarraidh sin, ina léirítear go soiléir fad agus cineál na taithí.

Critéir bhunriachtanacha:

- Eolas cuimsitheach agus saineolas cruthaithe ar na hearnálacha a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí ÚBE, go háirithe maidir le mairseacht agus rialáil airgeadais.
- Taithí bhainistíochta 5 bliana ar a laghad ar leibhéal sinsearach, agus réimse leathan freagrachtaí ag gabháil léi.
- Cumas cruthaithe chun cinntí a dhéanamh ag leibhéal straitéiseach agus ag leibhéal oibríochtúil araon.

Critéir bhuntáisteacha:

- Tuiscint chuimsitheach ar institiúidí an Aontais agus ar phróiseas cinnteoireachta an Aontais.
- Tuiscint chuimsitheach ar chúrsaí an Aontais agus idirnáisiúnta a bhaineann le gníomhaíochtaí ÚBE.
- Taithí fhairsing ar bhainistíocht buiséid, airgeadais agus acmhainní daonna.
- Taithí oibre i dtimpeallacht ilchultúrtha.

Inniúlachtaí iompraíochta:

- Sárscileanna cumarsáide agus cur i láthair agus an cumas ábhair chasta a chur i láthair go soiléir agus go simplí, ó bhéal agus i scríbhinn, bíodh sin go poiblí nó ag cruinnithe le comhaltaí foirne agus le páirtithe leasmhara inmheánacha nó seachtracha.
- Scileanna idirphearsanta den scoth, lena n-áirítear an cumas déileáil le páirtithe leasmhara ardleibhéil agus caibidlíocht a dhéanamh leo.
- Tuiscint láidir ar fhreagracht, ionracas, tionscnaíocht, féinspreagadh agus tiomantas d’obair ar mhaithe le leas an phobail agus freastal ar an Aontas ina iomláine.

IARSCRÍBHINN

CONAS IARRATAS A DHÉANAMH

Iarrtar ar iarrthóirí a n-iarratais a sheoladh chuig an seoladh ríomhphoist seo a leanas: EBA-ExecutiveDirector-Applications@eba.europa.eu faoi **23.59 (Am Lár na hEorpa) ar an dáta deiridh**.

Tabharfar neamhaird ar iarratais a chuirfear isteach ar aon mhodh eile nó tar éis an spriocdháta. Moltar go láidir d’iarrthóirí gan fanacht go dtí an nóiméad deireanach toisc go bhféadfadh trácht trom idirlín nó fadhbanna maidir le nascadh leis an idirlíon a bheith ina gcúis le deacrachtaí agus iad ag cur a n-iarratas isteach. Ní féidir an locht a chur ar ÚBE as moill ar bith de bharr na ndeacrachtaí sin.

Ní ghlacfar ach **le hiarratais atá comhlánaithe go hiomlán** agus ní bhreithneofar ach iadsan amháin, i.e.:

- **CV i mBéarla**, i [bhformáid Europass](#) más féidir.

AGUS

- **Litir inspreagtha** i mBéarla, agus dáta agus síniú uirthi, nach mó ná dhá leathanach, ina mínítear an fáth a bhfuil spéis agat sa phost agus an breisluach a thabharfá do ÚBE dá roghnófaí thú.

Ní mór duit an **taithí ghairmiúil/taithí oibre ar fad atá agat, lena n-áirítear freagrachtaí/gníomhaíochtaí, a thabhairt le fios i do CV**, ag tosú ón dáta a fuair tú an diplóma is gá don phost.

Ag an gcéim seo, ná seol doiciméid tacaíochta (cóipeanna de chártaí aitheantais, pasanna, dioplómaí, etc.). Ní mór doiciméid tacaíochta a chur isteach ag céim níos déanaí den nós imeachta nuair a iarrfar sin ort.

Ba cheart d'iarrthóirí a mheas agus a sheiceáil sula gcuirfidh siad a n-iarratas isteach an gcomhlíonann siad na ceanglais uile a shonraítear san fhógra folúntais, go háirithe ó thaobh cáilíochtaí agus taithí oibre ábhartha de. Ní mór na ceanglais sin a chomhlíonadh faoin spriocdháta chun iarratais a chur isteach.

Tar éis dóibh an t-iarratas a chur isteach, gheobhaidh iarrthóirí ríomhphost uathoibríoch ina n-admhófar go bhfuarthas an t-iarratas. Tabhair ar aird gur i mBéarla, ar an ríomhphost, a dhéanfar an comhfhreagras go léir, agus mar sin ba cheart d'iarrthóirí a chinntiú go bhfuil an seoladh ríomhphost ceart agus go ndéantar é a sheiceáil go rialta.

Aithneofar an seoladh a luaitear san iarratas mar chruthúnas cónaithe atá le húsáid chun aisíocaíochtaí taistil a shainiú, etc. (más infheidhme).

COTHROMAS, ÉAGSÚLACHT AGUS CUIMSIÚ

Is [fostóir comhdheiseanna é ÚBE](#), atá tiomanta do lucht saothair éagsúil, cumasach a earcú, a fhorbairt agus a choinneáil ach cloí le prionsabail an chomhionannais deiseanna agus na neamhchlaontachta. Chuige sin, cuireann ÚBE fáilte chroíúil roimh iarratais ó gach iarrthóir cáilithe, beag beann ar aois, féiniúlacht inscne nó léiriú inscne, gnéaschlaonadh nó féiniúlacht ghnéis, míchumas, bunús eitneach nó sóisialta, reiligiún nó creideamh, agus cúlra cultúrtha. Tá baill foirne uile ÚBE tiomanta do **chultúr oscailte, cuimsitheach san ionad oibre** a chothú. Spreagann ÚBE iarratais ó mhná ar phoist ina bhfuil siad tearcionadaithe faoi láthair.

Má theastaíonn aon **socrúithe speisialta uait le linn an nós imeachta roghnúcháin** a bhaineann le míchumas fisiceach, meabhrach, intleachtúil nó céadfach, cuir é sin in iúl i d'iarratas, agus rachaidh an Rannóg Acmhainní Daonna i dteagmháil leat chun aon choigeartuithe nó socrúithe is gá a dhéanamh maidir le do mhíchumas, ionas gur féidir do rannpháirtíocht iomlán, chomhionann sa phróiseas roghnúcháin a chinntiú.

Is [eagraíocht atá cláraithe le EMAS](#) é ÚBE agus mar sin tá sé tiomanta do bheith de shíor ag feabhsú a fheidhmíochta comhshaoil agus ag laghdú a loirg carbóin.

SOCHAIR

Mairfidh do **chonradh** cúig (5) bliana agus ní féidir síneadh ama a chur leis uair amháin, go ceann tréimhse bhreise cúig (5) bliana.

Earcófar thú mar **Ghníomhaire sealadach 2(a) i ngrád riarthóra (AD) 14**, ag céim 1 nó ag céim 2 (lena ngabhann buntuarastal EUR 18 695.13 ag céim 1 nó EUR 19 480.76 ag céim 2), faoi réir athbhreithniú bliantúil ar an luach saothair dá bhforáiltear in Airteagal 64 agus in Airteagal 65(1) de na [Rialacháin Foirne](#). Tá tuarastail faoi réir cháin an Aontais a asbhaintear ag an bhfoinse, agus tá siad díolmhaithe ó chánachas náisiúnta.

Anuas ar an mbuntuarastal, beidh tú i dteideal comhéifeacht cheartúcháin is infheidhme maidir leis an bhFrainc (113.6 % faoi láthair) a fháil, rud a chomhfhreagraíonn do dhálaí maireachtála na cathrach.

Beidh tú i dteideal **liúntas bainistíochta** (4.2 % den bhuntuarastal) a fháil faoi réir chur i gcrích rathúil na tréimhse promhaidh naoi (9) mí.

D'fhéadfá a bheith i dteideal **teidlíochtaí sonracha**, ag brath ar an staid teaghlaigh agus ar an áit bhunaidh, mar seo a leanas: liúntas easaoránachta (16 % den bhuntuarastal), liúntas teaghlaigh, liúntas linbh chleithiúnaigh, liúntas oideachais, liúntas réamhscoile, liúntas suiteála, aisíocaíocht na gcostas aistrithe, liúntas cothaithe laethúil sealadach tosaigh, agus sochair eile.

Tabharfar **cumhdach cuimsitheach árachais sláinte** duit: tá cumhdach an-leathan ar sheirbhísí cúraim sláinte, chomh maith le tionóiscí agus máithreachas, á chur ar fáil faoin gComhscéim Árachais Breoiteachta.

Bainfidh tú tairbhe freisin as **cothromaíocht oibre is saoil** le solúbthacht ó thaobh teilea-oibríthe de, deiseanna foghlama agus forbartha amhail oiliúint teanga, chomh maith le lánpháirtíú sóisialta (amhail clubanna Sóisialta agus Spóirt ÚBE), áiseanna ceaintín, ranníocaíocht airgeadais i leith seirbhísí iompair phoiblí agus rochtain saor in aisce do leanaí ar an [scoil Eorpach i bPáras](#).

Féadfaidh tú tairbhe a bhaint as **Scéim Pinsin an Aontais Eorpaigh** (tar éis 10 mbliana seirbhíse).

CAD É AN NÓS IMEACHTA ROGHNÚCHÁIN?

Bunófar **Bord Réamhroghnúcháin**¹⁸ chun anailís a dhéanamh ar dhoiciméid iarratais na n-iarrthóirí maidir leis na critéir incháilitheachta agus roghnúcháin.

Maidir le hiarrthóirí nach gcomhlíonann gach ceann de na critéir incháilitheachta, eisiafar iad ón bpróiseas roghnúcháin. Ina dhiaidh sin, déanfar iarrthóirí incháilithe a scóráil de réir na gcritéar bunriachtanach. Déanfar iad siúd a chomhlíonann na critéir bhunriachtanacha go léir a scóráil in aghaidh na gcritéar buntáisteach. Ní dhéanfar measúnú breise ar na hiarrthóirí nach gcomhlíonfaidh na critéir bhunriachtanacha go léir.

Dréachtóidh an Bord Réamhroghnúcháin liosta ar a mbeidh suas le seisear (6) iarrthóirí¹⁹, arb iad na hiarrthóirí is fearr iad a chomhfhreagraíonn don phróifíl atá á lorg le haghaidh agallaimh. Tabharfar cuireadh freisin do na hiarrthóirí a bheidh réamhroghnaithe ag an mBord Réamhroghnúcháin freastal ar **Ionad Measúnaithe** aon lae amháin le haghaidh róil ardbhainistíochta.

Tar éis na n-agallaimh agus thorthaí an mheasúnaithe ar scileanna bainistíochta/ceannaireachta, glacfaidh an Bord Réamhroghnúcháin gearrliosta de suas le triúr (3) iarrthóirí is oiriúnaí, agus cuirfear an gearrliosta sin in iúl do Bhord Maoirseoirí ÚBE. Fiú sa chás go bhfuil duine ar an ngearrliosta seo, ní ráthaíocht de cheapachán é.

Tabharfar cuireadh ansin do na hiarrthóirí ar an ngearrliosta cur i láthair a dhéanamh ar ábhar réamhshainithe agus cuirfidh **Bord Maoirseoirí ÚBE** agallamh orthu. Ar an lá céanna a dhéanfar an cur i láthair agus na hagallaimh. Cuirfear ábhar an chur i láthair in iúl sa chuireadh chun cur i láthair agus agallaimh le Bord Maoirseoirí ÚBE. Glacfaidh an Bord Maoirseoirí le liosta cúltaca de suas le triúr (3) iarrthóirí ansin. Ba cheart d'iarratasóirí a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an liosta cúltaca a chur ar fáil don phobal.

¹⁸ Tabhair do d'aire go bhfuil obair agus plé an Bhoird Réamhroghnúcháin faoi rún daingean agus go bhfuil cosc iomlán ar aon teagmháil a dhéanamh lena bhail. Cuirfear comhdhéanamh an Bhoird Réamhroghnúcháin in iúl d'iarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun agallaimh dóibh.

¹⁹ I gcás feidhmíocht chomhionann, déanfar líon na n-iarrthóirí a choigeartú dá réir.

Cuirfidh Bord Maoirseoirí an ÚBE an liosta cúltaca ar fáil don **choiste inniúil de chuid Pharlaimint na hEorpa**, a gcuirfead ar an eolas iad faoi chomhdhéanamh an liosta iarratasóirí (líon na n-iarratas, meascán de scileanna gairmiúla, cothromaíocht inscne agus náisiúntachta, etc.).

Glacfaidh Bord Maoirseoirí ÚBE a chinneadh roghnúcháin a bheidh faoi réir dearbhú ó ag Parlaimint na hEorpa.

D'fhéadfadh sé go mbeadh ar iarrthóirí tabhairt faoi agallaimh bhreise agus/nó tástálacha breise a dhéanamh, sa bhreis ar a bhfuil thuasluaite.

OIBLEAGÁIDÍ EITICE

Tá neamhspleáchas agus ardchaighdeán ó thaobh iompar gairmiúil de rithábhachtach chun ardchaighdeán agus barr feabhais a áirithiú d'obair ÚBE.²⁰ Déanann an Gníomhaireacht a dícheall freisin a áirithiú nach bhfuil aon leasanna ag a baill foirne a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dá neamhchlaontacht.

I gcomhréir le hAirteagal 11 agus Airteagal 11a de na Rialacháin Foirne (RF) agus Airteagail 11 agus 81 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh, **ceanglófar ar na hiarrthóirí a n-éireoidh leo áit a fháil ar an ngearrliosta dearbhú a dhéanamh maidir le coinbhleacht leasa roimh an agallamh leis an mBord Maoirseoirí.** Go háirithe, ceanglófar ar na hiarrthóirí atá ar an ngearrliosta a dhearbhu go bhfuil siad tiomanta do ghníomhú go neamhspleách ar mhaithe le leas an phobail agus dearbhú a dhéanamh maidir le haon leas a d'fhéadfaí a mheas a bheith dochrach dá neamhspleáchas, rud a scrúdófar i gcomhréir le Creat Eitice ÚBE. Ní mór do gach iarratasóir a dheimhniú, sa dearbhú a gcuirfidh siad isteach lena n-iarratas, go bhfuil siad toilteanach a bheith comhlíontach i gcás ina n-éireoidh leo an post a fháil.

Ina theannta sin, beidh an t-iarrthóir a n-éireoidh leo faoi cheangal rúndacht ghairmiúil agus ceanglais rúndachta agus iad ag obair in ÚBE, agus tar éis dóibh imeacht ó ÚBE.

Ceanglaítear ar iarbhaill foirne imréiteach a lorg ó ÚBE sula rachaidh siad i mbun gníomhaíocht eile go ceann 2 bhliain tar éis dóibh a tÚdarás a fhágáil. Má bhaineann an ghníomhaíocht sin leis an obair a rinneadh le linn na dtrí bliana dheireanacha seirbhíse ag ÚBE, agus má chreideann ÚBE go bhféadfadh coinbhleacht le leasanna dlisteanacha ÚBE a bheith ina toradh uirthi, féadfaidh an tÚdarás a formheas a thabhairt faoi réir aon choinníollacha is cuí léi, nó cosc a chur ar an ngníomhaíocht.²¹

COSAINN SONRAÍ

Áirithiúnn ÚBE go bpróiseálfar sonraí pearsanta na n-iarrthóirí mar a cheanglaítear le Rialachán (AE) 2018/1725²². Baineann sé sin go háirithe le rúndacht agus le slándáil na sonraí sin. I gcomhair tuilleadh eolais faoin gcaoi a bpróiseálfar sonraí pearsanta, iarrtar ar iarrthóirí féachaint ar [an bhFógra um Chosaint Sonraí](#).

²⁰ Tá tuilleadh eolais faoi na ceanglais eitice, lena n-áirítear Treoir Eitice ÚBE, beartas maidir le coinbhleachtaí leasa agus an Cód um Dhea-Iompraíocht Riaracháin le fáil ag <https://www.eba.europa.eu/about-us/organisation-and-governance/accountability/ethics-eba>

²¹ Tá tuilleadh eolais maidir le gníomhaíochtaí gairme tar éis ÚBE a fhágáil, lena n-áirítear treoir maidir leis an gcaoi a ndéantar measúnú ar shrianta agus toirmisc iarfhostaíochta, le fáil ag <https://www.eba.europa.eu/about-us/organisation-and-governance/accountability/ethics-eba/occupational-activities-after>

²² Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

I GCÁS GEARÁN AGUS ACHOMHARC

I gcás iarrthóirí a mheasann go ndearnadh dochar dá leasanna le haon chinneadh a bhaineann leis an nós imeachta roghnúcháin, féadfaidh siad na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanamh:

Iarraidh ar athbhreithniú ar na cinní a rinne an Coiste Réamhroghnúcháin

Laistigh de 10 lá féilire ó dháta na litreach lena gcuirtear in iúl don iarrthóir an cinneadh a rinne an Coiste Roghnúcháin, féadfaidh siad iarraidh i scríbhinn ar athbhreithniú ar an gcinneadh sin, ina leagfar amach na cúiseanna atá leis an iarraidh, a chur chuig an seoladh ríomhphoist seo a leanas: EBA-vacancies@eba.europa.eu

Achomhairc

a) Féadfaidh an t-iarrthóir gearán a dhéanamh faoi Airteagal 90(2) de na Rialacháin Foirne laistigh de na teorainneacha ama dá bhforáiltear, ag an seoladh seo a leanas:

Ceann Acmhainní Daonna
An tÚdarás Baincéireachta Eorpach
An nós imeachta roghnúcháin: **Tagairt: EBA TA-02-2026**
DEFENSE 4 – EUROPLAZA
20 Avenue André Prothin
CS 30154
92927 Paris La Défense CEDEX
An Fhrainc

b) Féadfaidh an t-iarrthóir achomharc breithiúnach a chur faoi bhráid na Cúirte Ginearálta faoi Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus faoi Airteagal 91 de na Rialacháin Foirne. I gcomhair sonraí maidir le conas achomharc a dhéanamh, féach ar shuíomh gréasáin na Cúirte Ginearálta: <http://curia.europa.eu/>.

Gearán a dhéanamh leis an Ombudsman Eorpach

Is féidir gearán a thaisceadh leis an Ombudsman Eorpach freisin de bhun Airteagal 228(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa Chinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 24 Meitheamh 2021 maidir leis na Rialacháin Foirne agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman²³. I gcomhair sonraí maidir le conas gearán a dhéanamh, féach ar shuíomh gréasáin an Ombudsman Eorpaigh: <http://www.ombudsman.europa.eu/>

Tabhair do d'aire nach bhfuil aon éifeacht fionraíochta ag gearáin a dhéantar leis an Ombudsman Eorpach ar an tréimhse a leagtar síos in Airteagal 90(2) agus in Airteagal 91 de na Rialacháin Foirne, faoi seach, maidir le gearán nó achomharc a thaisceadh leis an gCúirt Ghinearálta. Thairis sin, faoi Airteagal 2(4) de na coinníollacha ginearálta lena rialaítear feidhmíocht dhualgais an Ombudsman Eorpaigh, ní mór gur leanadh na cineálacha cur chuige cúí riaracháin atá i bhfeidhm sna hinstiúidí agus sna comhlachtaí lena mbaineann sula bhféadfar aon ghearán a dhéanamh leis an Ombudsman Eorpach.

²³ IO L 253 de 16 Iúil 2021